# Caibidil a Dó Dhéag
# Stádas Dlíthiúil an Ordaithe

## 12.1 Réamhrá

Is Ionstraim Reachtúil é an tOrdú um Earraí Grósaera 1987 a rinne an tAire Tionscal agus Tráchtála (anois Fiontar, Trádála & Fostaíochta) faoi chumhachtaí arna bhronnadh air ag an Acht um Chleachtais Srianta, 1972. I ngnáth-imthosca, sa chás go raibh sé riachtanach an tOrdú a leasú mar a bhí sa chás seo, dhéanfaí é trí Ordú nua a dhéanfadh an tAire faoin sraith chéanna cumhachtaí.

Níl an cás maidir le hOrdú 1987 chomh simplí sin. Sa chás go gcinnfear an tOrdú a leasú nó a aisghairm mar thoradh ar na moltaí atá le fáil sa Tuarascáil seo, beidh sé riachtanach imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí ba chóir é sin a dhéanamh, nó na bealaí a bhféadfaí é sin a dhéanamh.

Tá roinnt saincheisteanna dlíthiúla eile tagtha aníos mar thoradh ar an athbhreithniú reatha agus tugtar aghaidh orthu sin freisin sa chaibidil seo.

## 12.2 Cúlra

Tá foráil in Alt 8 den Acht um Chleachtais Srianta, 1972, go bhféadfaidh an tAire Ordú a dhéanamh a chuirfidh cosc ar chleachtais srianta. Tá foráil in Alt 8(3) nach mbeidh éifeacht ag Ordú a déantar faoin alt mura ndaingníonn Acht de chuid an Oireachtais é. Chomh luath agus a bhíonn sé daingnithe, áfach, beidh an chumhacht iomlán dlí ag an Ordú de réir a chuid téarmaí.

Is Ordú den sórt sin é Ordú um Earraí Grósaera 1987 a rinneadh faoi Alt 8 d’Acht 1972.

Shínigh an tAire Tionscal & Tráchtála é an 25 Bealtaine, 1987 ach níor tháinig éifeacht leis go dtí go rinneadh inachtú ar an Acht um Chleachtais Srianta (Orduithe a Dhaingniú), 1972 an 11 Nollaig na bliana sin.

Bhí sé curtha in iúl ag an Ard-Aighne, de bhrí go raibh Ordú 1987 daingnithe ag Acht de chuid an Oireachtais, go bhfuil an tOrdú i bhfeidhm sa dlí amhail is dá mba ionann an tOrdú féin agus Acht de chuid an Oireachtais.

Rinne an tAcht Iomaíochta, 1991, aisghairm ar Acht um Chleachtais Srianta, 1972, chomh maith leis na hOrduithe ar fad a rinneadh faoi Alt 8. Ba é an tOrdú um Earraí Grósaera 1987 an t-eisceacht. Tugadh slán go sonrach é sin chomh maith le haon forálacha gaolmhara d’Acht 1972 a bhí riachtanach chun feidhmiú leanúnach an Ordaithe a chinntiú.

Tháinig an tAcht Iomaíochta, 2002 in áit Acht Iomaíochta 1991 ansin. Áirítear le hAlt 49 d'Acht 2002 foráil shainiúil a chiallaíonn go dtabharfar deis don Aire Ordú um Earraí Grósaera 1987 a aisghairm nó a leasú.

Tá na roghanna éagsúla atá ar fáil don Aire leagtha amach thíos:

## 12.3 An tOrdú a Aisghairm

Tá sé curtha in iúl ag an Ard-Aighne, de bhrí go bhfuil stádas Acht de chuid an Oireachtais ag an Ordú, nach féidir aisghairm a dhéanamh air ach amháin trí aisghairm a dhéanamh ar an Acht um Chleachtais Srianta (Orduithe a Dhaingniú), 1987. Ní féidir é sin a dhéanamh gan Ordú Aireachta. Dá bhrí sin an t-aon bhealach a dhéanfar aisghairm ar an Ordú ná trí reachtaíocht phríomhúil.

Tugann comhairle dlí neamhspleách a fuair an tÚdarás Iomaíochta ó abhcóide sinsir le fios chomh fada agus a thugann Alt 49 d'Acht 2002 deis don Aire aisghairm nó leasú a dhéanamh ar Ordú 1987 tríd Ordú eile, go bhféadfadh an t-alt sin a bheith míbhunreachtúil.

## 12.4 An tOrdú a Leasú

Baineann an cás céanna leis an Ordú a leasú. Má tá stádas Acht de chuid an Oireachtais aige, ní féidir é a leasú le hOrdú Aireachta. Caithfear é a leasú le reachtaíocht phríomhúil. Mar sin féin, d'fhéadfadh an cás a bheith beagáinín níos casta agus níos liopasta.

Rinneadh Ordú 1987 de bhun cumhachtaí arna bhronnadh ar an Aire faoi Alt 8 (1) den Acht um Chleachtais Srianta 1972. Is mar seo a leanas atá Alt 8 (1):

> *"Tar éis tuarascáil ón gCoimisiún faoi alt 5 (seachas tuarascáil ar fhiosrúchán faoi alt 5 (1) (b)) a bhreithniú dó féadfaidh an tAire, más dóigh leis gur gá sin ar mhaithe le leas an phobail agus tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile lena mbaineann, gach ní nó aon ní acu seo a leanas a dhéanamh, le hordú, maidir le haon earraí nó seirbhísí lena mbaineann an tuarascáil -*
>
> > *( a ) cosc a chur le cleachtais srianta, lena n-áirítear comhshocraíochtaí, comhaontuithe nó comhthuiscintí a choisceann nó a shrianann iomaíocht nó a choinníonn siar trádáil nó soláthar aon seirbhíse nó a bhfuil i gceist iontu praghas athdhíola a chothabháil;*
> > *( b ) cosc a chur le cleachtais neamhchóra nó le modhanna neamhchóra iomaíochta (cibé acu a bhaineann siad le praghas nó nach mbaineann);*
> > *( c ) cibé foráil a dhéanamh a mheasann an tAire is gá chun cothrom a áirithiú do gach duine maidir le soláthar nó imdháil earraí nó le soláthar seirbhísí;*

*( d ) cibé foráil eile is cuí leis a dhéanamh maidir le cleachtais srianta nó cleachtais neamhchóra nó modhanna neamhchóra iomaíochta (cibé acu a bhaineann siad le praghas nó nach mbaineann) i dtaobh soláthar agus imdháil earraí nó soláthar seirbhísí.* **(leagan oifigiúil)**

Rinne Acht Iomaíochta 1991 aisgairm ar an Alt seo den Acht. Mar thoradh air sin níl aon pholasaithe, prionsabail ná nósanna imeachta leagtha síos sa dlí a chuirfidh ar chumas an Aire Ordú leasaithe a dhéanamh.

Dá bhrí sin, mar phointe tosaigh chun aon leasú a thabhairt isteach chaithfí reachtaíocht phríomhúil nua a ghlacadh a luafadh na polasaithe, prionsabail agus nósanna imeachta an athuair maidir le hOrdú nua a dhéanamh. Ní raibh sé mar chleachtas ceanglas a chur san áireamh i reachtaíocht phríomhúil i gcás orduithe Aireachta a dhaingneodh Acht Oireachtais.

Is é ár dtuairim é, gurb é an bealach is ciallmhaire chun Ordú 1987 a leasú ná é a aisghairm agus ansin forálacha an Ordaithe a lua an athuair, arna leasú mar is gá, agus é sin a dhéanamh trí leasú a dhéanamh ar Acht Iomaíochta, 2002.

## 12.5 An tOrdú a Choinneáil

Tá an rogha ann, áfach, gan aon rud a dhéanamh – díreach an t-ordú a choinneáil mar atá sé faoi láthair. Mar sin féin, má tá sé inmhianta forálacha reatha an Ordaithe a choinneáil, bheimís i bhfábhar sin a dhéanamh tríd Acht Iomaíochta 2002 a leasú chun an tOrdú a athlua laistigh den chreatlach reachtúil sin.

## 12.6 Impleachtaí atá ag an Stádas Reatha

Is cineál hibrid é Ordú 1987 i dtéarmaí reachtúla. Tá an cleachtas idirdhealú a dhéanamh idir reachtaíocht phríomhúil (acht de chuid an Oireachtais) agus reachtaíocht thánaisteach (Ionstraim Reachtúil nó Ordú arna ndéanamh ag an Aire) an-choitianta. Meastar ar cheann de na cúiseanna go gceadaítear discréid d'Aire ó thaobh rialacha agus rialacháin a thabhairt isteach le hOrdú ná a chinntiú go mbíonn solúbthacht sa chóras reachtúil agus chun deis a thabhairt na rialacha sin a chur in oiriúint do thimpeallacht atá ag athrú gan gá a bheith ann reachtaíocht phríomhúil a leasú. I measc na samplaí d'fhéadfaí leasú a dhéanamh ar tháillí agus ar mhuirir a ghearrfaí in imthosca áirithe nó cur le (nó baint ó) liosta de chomhlachtaí forordaithe lena mbeadh baint ag píosa reachtaíochta phríomhúil.

Is cuma cad a bhí i gceist ag reachtóirí nuair a bhí siad ag inachtú Acht um Chleachtais Srianta 1972, níl solúbthacht ar bith ag baint le hOrdú um Earraí Grósaera 1987 a bheadh ag baint le reachtaíocht thánaisteach de ghnáth.

## 12.7 Cinneadh de chuid na hArdchúirte le Gairid

Sainmhíníonn Ordú 1987 earraí grósaera mar earraí do thomhaltas daonna (ach amháin torthaí agus glasraí, agus feoil úr & reoite agus iasc), leacht mheisciúil, agus "riachtanais tí a dhíoltar de ghnáth i siopaí grósaera".

Tá an sainmhíniú deiridh sin – "riachtanais tí" – doiléir ach cuireann cinneadh an Bhreithimh Finlay-Geoghegan léirmhíniú ar fáil dúinn ar cad a chiallaíonn an sainmhíniú sin i ndáiríre. Is cinneadh thar a bheith tábhachtach a bhí ann ó thaobh tuiscint a fháil ar na táirgí a chlúdaíonn an tOrdú agus na táirgí nach gclúdaíonn sé.

Ar an 2 Nollaig 2003, d'fhógair Dunne's Stores go raibh sé ag laghdú praghas clúidíní aon-uaire faoi 40% ar feadh lá amháin amháin. Ar an lá sin, cheannaigh cigire ó Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí trí phaicéad clúidíní as Dunne's Stores agus ansin d'fhéach sé le heolas a fháil faoin bpraghas ar an sonrasc a d'íoc an chuideachta as an táirge a bhí i gceist. Diúltaíodh an t-eolas sin a thabhairt dó. D'fhéach Dunne's Stores ansin le deimhniú de chuid na Cúirte a fháil nach "earraí grósaera" iad clúidíní aon-uaire arna shainmhíniú san Ordú.[1]

De réir cinneadh an Bhreithimh Finlay-Geoghegan ionas go mbreithneofar táirge mar "riachtanas tí" laistigh den chiall a thugann an tOrdú don téarma, ní mór gur táirge é a úsáideann gach duine sa teach go "minic".

I bhfianaise an méid sin, dealraíonn sé go gcuirfeadh an cinneadh sin teorainn nó srian mór ar an raon táirgí a chlúdaíonn an tOrdú. Tarraingíonn sé aird freisin ar an neamhchinnteacht a bhí ar an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, a bhfuil sé de dhualgas air an tOrdú air a fhorfheidhmiú, ó thaobh cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil táirge áirithe clúdaithe nó nach bhfuil, agus mar sin cibé an bhfuil cion déanta nó nach bhfuil in aon imthosca ar leith.

Lena chois sin, dar linne, tagann ceisteanna aníos maidir le comhdhéanamh gnáth-thí, cén úsáid a bhaintear as an táirge a cheannaítear, agus an cineál stóir ina gceannaítear é. De réir mar a mhéadaíonn an raon línte táirgí a dhíolann stórtha grósaera leis an athrú atá ar threochtaí tomhaltóirí, agus ag glacadh leis an deacracht níos mó idirdhealú a dhéanamh idir roinnt stórtha grósaera móra agus stórtha ilranna ina bhfuil raon níos leithne de tháirgí tí, téann go leor de na deacrachtaí agus na neamhchinnteachtaí sin thar fóir ar fad thar tréimhse ama.

Tá aird tarraingthe ag an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí ina haighneacht ar an laghad soiléireachta a bhaineann le hearraí grósaera mar dheacracht i gcomhthéacs forfheidhmithe. Díríonn sí ar an bpointe nach measadh roimhe seo go raibh ábhair mar ispíní agus bolgáin solais faoi réir ag an Ordú. Dúirt

[1] Féachadh le dearbhú den tsórt sin a fháil de bhun a. 15 (3) den Acht um Chleachtais Srianta, 1972 atá fós i bhfeidhm chun críche Ordú 1987.

an Stiúrthóir má chaitear athruithe a dhéanamh, gur chóir cur síos soiléir a bheith iontu ar na ranganna ábhair lena mbaineann an tOrdú.

Is léir go luíonn an réiteach le hOrdú 1987 a leasú chun cinnteachta níos mó a thabhairt isteach sa sainmhíniú ar tháirgí atá clúdaithe. Ina theannta sin, thacaigh roinnt aighneachtaí a rinneadh mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin Poiblí clúdach an Ordaithe a shíneadh chun torthaí, glasraí, feoil agus iasc úr a chur san áireamh. Tagann IBEC, na gníomhaireachtaí um comhraic na bochtaine, agus Cumann Feirmeoirí na hÉireann leis an moladh sin, ach tá daoine eile, mar an Comhchoiste Oireachtais ag cur in aghaidh an mholadh, faoi láthair ar aon nós.

Mar sin féin, is léir nach féidir soiléireachtaí ná leasuithe den sórt sin a thabhairt isteach, anois ná amach anseo, seachas le reachtaíocht phríomhúil. Cuireann sé sin, dar linn, béim ar an neamhsolúbthacht a thagann chun cinn mar thoradh ar stádas dlíthiúil reatha an Ordaithe.

D'fhéadfadh sé tarlú go gcríochnódh neamhchinnteacht mar sin sna Cúirteanna, áit a bhfuil sé de dhualgas orthu na saincheisteanna sin a chinneadh, agus i bhfad níos mó ama a chaitheamh ag cinneadh feidhmiú an Ordaithe i gcás táirgí nó línte táirgí ar leith.

Chuathas i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne maidir leis na saincheisteanna seo agus tá ár gcuid tuairimí deimhnithe aige maidir leis an neamhchinnteacht ar fad a bhaineann leis na táirgí atá clúdaithe.

## 12.8 Saincheisteanna Eile a Thagann Chun Cinn

### Airteagal 13 - Ginearálta

Tá sé feicthe cheana againn conas a éilíonn Airteagal 13 d'Ordú 1987 ar "soláthróir" ráiteas de na téarmaí agus coinníollacha faoina ndíolann sé earraí grósaera a ullmhú agus a choinneáil. Deir an tAirteagal go gcaithfidh soláthróir díol leis an mórdhíoltóir nó leis an miondíoltóirí ar na téarmaí sin.

Sainmhíníonn Airteagal 2 "soláthróir" mar "déantúsóir nó impórtálaí earraí grósaera a bhíonn le díol le mórdhíoltóirí nó miondíoltóirí."

Tugtar sainmhíniú ar leithligh do "Mórdhíoltóir" mar dhuine a cheannaíonn earraí ó sholáthróir le díol arís le miondíoltóir.

De réir dealraimh is iad na himpleachtaí a bhíonn ag na forálacha seo ná nach **n-éilítear** leis an Ordú ar "mórdhíoltóir" nach soláthróir é laistigh den chiall thuas agus a dhíolann go díreach leis an trádáil miondíola, ráiteas téarmaí agus coinníollacha a ullmhú.

Tá sé sin níos casta fós ag foráil Airteagal 14 (3) a éilíonn ar mhórdhíoltóirí a phléann téarmaí forlíontacha le soláthróirí, agus ar miondíoltóirí móra a

phléann téarmaí forlíontacha le soláthróirí, sonraí de na téarmaí sin a sholáthar don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí. Níl aon oibleagáid ar mhórdhíoltóirí, áfach, a phléann téarmaí forlíontacha le miondíoltóirí sonraí a chur ar fáil don Stiúrthóir.

Níl a fhios againn cén fáth ar leagadh an tOrdú amach ar an mbealach sin. Mar sin féin, bheadh iontas orainn dá mbeadh sé ar intinn ag an Aire ná ag an Oireachtas, go mbeadh an cás amhlaidh.

Tá imní orainn go léiríonn sé sin aimhrialtacht tromchúiseach a d'fhéadfadh, in imthosca áirithe, cosc a chur le forfheidhmiú éifeachtach an Ordaithe. Go háirithe, d'fhéadfadh gnéithe áirithe den trádáil gníomhú mar sholáthróirí agus mórdhíoltóirí laistigh de chiall an Ordaithe agus b'fhéidir go n-iarrfaí orthu ráiteas téarmaí agus coinníollacha a ullmhú nuair a ghníomhaíonn siad mar sholáthróir agus an uair sin amháin.

Bíonn amhras mór ann, dar linn, faoi chumhachtaí an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí freisin mar gheall air sin ó thaobh sonraí na dtéarmaí forlíontacha a thairgeann daoine do mhiondíoltóirí a gceannaíonn siad a gcuid earraí uathu a aimsiú. Dúirt an Comhchoiste Oireachtais ar Fhiontar agus Gnólachtaí Beaga, i measc daoine eile, gur bealach é sin le leibhéal na lascainí nach mbíonn ar an sonrasc sa trádáil a fháil amach. Déantar tagairt don cheist sin in Alt 6.9 thuas.

Chuathas i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne agus tá ár gcuid tuairimí maidir leis na forálacha sin deimhnithe tríd is tríd.

**Airteagal 13 (1) (c)**

Luann sé sin:

*"*(The requirement to prepare and maintain a written statement of terms and conditions*)…does not apply to the sale of goods that have been processed, blended, canned, packed or otherwise prepared in accordance with the specification and requirements of the purchaser, and, for the purposes of resale, are **not** given the name or a brand name of the **purchaser**."*

This was clearly intended to exempt generic or own label goods from the requirement to prepare a statement of terms and conditions. However, the provision was clearly drafted erroneously as it should read:

*"….**are** given the brand name of the **purchaser**",* or in the alternative –

*"….**are not** given the brand name of the **supplier**." (**Níl leagan oifigiúil ar fáil)***

Arís, ní heol dúinn aon fhadhb ar leith a bheith tagtha chun cinn mar thoradh ar an earráid sin cé go léir go bhféadfadh deacrachtaí teacht chun cinn ó thaobh forfheidhmiúcháin in imthosca áirithe.

Arís eile creidimid gur leor iad na haimhrialtachtaí sin chun aird a tharraingt ar stádas reachtúil neamhsolúbtha an Ordaithe ag glacadh leis nach féidir é a leasú ach amháin trí reachtaíocht phríomhúil.

## 12.9 Conclúidí

Ní féidir an t-ordú a aisghairm ach amháin le reachtaíocht phríomhúil.

Caithfear reachtaíocht phríomhúil a thabhairt isteach má táthar chun an tOrdú a leasú, rud a thabharfadh cumhachtaí cumasaithe cuimsitheacha don Aire.

Tá roinnt aimhrialtachtaí tugtha faoi deara againn i ndréachtú Ordú 1987 chomh maith le saincheisteanna deacra maidir le léirmhíniú.

D'fhéadfadh sé sin deacrachtaí a chruthú don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí amach anseo ó thaobh téarmaí sainiúla den Ordú a fhorfheidhmiú. Ardaíonn siad ceisteanna freisin maidir le feidhmiú cothrom théarmaí an Ordaithe chuig gach gné i dtrádáil earraí grósaera.

Ar an mbunús sin amháin, dealraíonn sé go bhfuil forais shubstainiúla ann le himní a bheith faoin gcumas atá ag an Ordú na rudaí a leagadh amach dó a dhéanamh a chomhlíonadh.